Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**Foirm Fhorordaithe an fhógra le seirbheáil ar chomhlachtaí nó ar dhaoine dá dtagraítear in alt 51(3)(b) (arna leasú ag alt 51(3)(e) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006)**

**Comhairle Chontae na Gaillimhe.**

**Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018**

**Chuig:**

**Údarás na Gaeltachta**

**Na Forbacha**

**Co. na Gaillimhe**

Tá iarratas déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ("an tÚdarás Bóithre") thar a ceann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de bhun chomhaontú faoi Alt 85 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) agus arna cheadú ag Bonneagar Iompair Éireann (ainm oibríochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta) de bhun alt 14(8) d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú), faoi Alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú ag alt 9(1)(e)(i) d'Acht na mBóithre 2007) chuig an mBord Pleanála ('an Bord') chun ceadú a fháil maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Tosaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair seo taobh thiar de Bhearna ar an R336 agus téann trasna go dtí ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe chun ceangal leis an N6 atá ann cheana ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise atá taobh thoir de Chathair na Gaillimhe agus áirítear mar chuid de débhealach aonair nua a sholáthar, ina gcuimsítear lána amháin agus gualainn chrua i ngach treo agus débhealach, ina gcuimsítear 2 lána agus gualainn chrua i ngach treo agus iad scartha óna chéile le bacainn deighilte, nascbhóithre nua, athailíniú/feabhsú bóithre réigiúnacha, contae agus áitiúla a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad agus oibreacha logánta ar na gréasáin láithreacha tarchurtha agus dáilte leictreachais (ina gcuimsítear, go sonrach, atreorú na seirbhísí 110kv agus 38kv) mar aon leis na hoibreacha foghabhálacha iarmhartacha go léir a bhaineann leis na nithe sin a chur ar fáil.

Tá Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (a dtagraítear go foirmeálta dó mar Ráiteas Tionchair Timpeallachta), a ullmhaíodh de réir Alt 50 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú le halt 9(1)(d) d'Acht na mBóithre 2007) agus Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014, curtha faoi bhráid an Bhoird i leith na forbartha beartaithe bóthair. Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura chomh maith agus tá sé curtha ar aghaidh chuig an mBord maidir leis an bhforbairt bóthair bheartaithe.

Tá DVD ar a bhfuil cóip den Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (ar a dtugtaí Ráiteas Tionchair Timpeallachta roimhe seo) agus Ráiteas Tionchair Natura i mBéarla agus i nGaeilge leis seo.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord (An Rannán um Bonneagar Straitéiseach), 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 maidir leis:

- na tionchair is dócha a bheidh ag an bhforbairt bóthair bheartaithe ar an timpeallacht;
- na himpleachtaí a bheidh ag baint leis an bhforbairt bóthair bheartaithe do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa cheantar ina bhfuil sé beartaithe an fhorbairt bóthair bheartaithe a lonnú; agus
- na tionchair mhóra is dócha a bheidh ag an bhforbairt bóthair bheartaithe ar láithreán Eorpach

idir an 25 Deireadh Fómhair 2018 agus an 21 Nollaig 2018.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó:

- www.N6GalwayCityRingRoad.ie
- Fintan O’ Meara, Innealtóir Tionscadal, Oifig Tionscadal Bhóithre Náisiúnta na Gaillimhe, (Comhairle Chontae na Gaillimhe), Teach Corparáideach, Páirc Gnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh H91 KT67; Ríomhphost fomeara@galwaycoco.ie

Arna dhátú an 24ú lá seo de Dheireadh Fómhair 2018




___________________________

Celine Delaney

Oifigeach Foirne Sinsearach Gníomhach

Seirbhísí Corparáideacha